
Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Eco Week 2018

23 – 27 Aibreán



eco week

**Is É Ár gComhshaol É,**
**Caomhnaímis É!**

Seirbhísí Comhshaoil agus Leabharlanna Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
www.sdcc.ie

**Fáilte go dtí an 14ú Éiceasheachtain Bhliantúil ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Cuireann an ócáid seachtaine seo feasacht ar an timpeallacht chun cinn, agus is deis iontach é do scoileanna, pobail, gnóthaí agus saoránaigh i mBaile Átha Cliath Theas iad féin a chur ar an eolas agus a bheith mar chuid den réiteach ar riachtanais timpeallachta. Tá na himeachtaí ar fad SAOR IN AISCE ach tá líon teoranta spásanna i gceist i roinnt cásanna, mar sin, cuir áit in áirithe go luath ionas nach mbeidh díomá ort.**

## Eolais Áirithinte

Ní ghlacfar le háirithintí **ACH ón Mháirt 20ú Márta ar aghaidh**. Tá treoir maidir le hoiriúnacht d'aoisghrúpa, ábhar agus riachtanais áirithithe leagtha amach in aice le gach gníomhaíocht. De bharr nach mbeidh ach líon teoranta spásanna ar fáil, déanfar iad a leithdháileadh san ord a dhéanfar iarratas orthu. Téigh chuig www.sdcc.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Is iad an scoil agus an t-éascaitheoir ceardlainne atá freagrach as Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána atá le heagrú sula mbíonn aon cheardlann ar siúl.

## Imeachtaí i Scoileanna agus Páirceanna Poiblí

***Tabhair do d'aire, le do thoil, nach gceadófar ach aon imeacht amháin in aghaidh na scoile d'fhonn go mbeidh an oiread scoileanna agus is féidir páirteach.***

Déan iarratas trí ghlao a chur ar Úna Maguire 01 4149000, síneadh 2791 nó Nessa Watkins 01 4149000, síneadh 6069.

## Imeachtaí i Leabharlanna

Déan iarratas ar an nguthán:
**Leabharlann an Chontae, Tamhlacht:** 01 462 0073
**Leabharlann Leamhcáin:** 01 621 6422
**Leabharlann Bhaile Uí Ruáin:** 01 494 1900
**Leabharlann Chluain Dolcáin:** 01 459 3315
**An Teampall Geal :** 01 493 0199
**Leabharlann Shoghluaiste:** 01 459 7834

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi himeachtaí Leabharlainne, cuir glao ar Helen Mc Mahon, Leabharlannaithe Forbraíochta ag 01 4597834

## Imeacht don Phobal

Féach ar an imeacht ar leith chun sonraí a fháil.

# Seoladh na hÉiceasheachtaine

Seolfaidh Méara Chontae Átha Cliath Theas, an Clr Paul Gogarty, an 14ú bliain den Éiceasheachtain in Halla an Chontae ar an Luan 23ú Aibreán ar 11rn. Cuirfidh daoine óga a bhfuil baint acu le Clár Ealaíona Pobail Thamhlachta, Street Art Academy atá bunaithe i mBaile Adaim, an seoladh i láthair i mbliana. Déanfar léiriú dá sraith scannán "Finding a Wall" a rinneadh i mbeochan íomhá ar íomhá ag baint úsáid as LEGO.  Lena chois sin, beidh taispeántas ar an obair a rinneadh leis an léiriú seo a bhaint amach.

**Seoladh Oifigiúil trí Chuireadh, 11rn.**



# Imeachtaí Scoile

**NÍ MÓR ÁIT A CHUR IN ÁIRITHE**
Féach ar leathanach 1 chun an t-eolas áirithinte go léir a fháil

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach gceadófar ach aon imeacht amháin in aghaidh na scoile d'fhonn go mbeidh an oiread scoileanna agus is féidir páirteach.

## Cur i láthair ag an nGarraíodóir Éiceolaíoch

1. **Éin Fhiáine a Thabhairt ar Ais ar Scoil: Rang 1- 4**
   Ar na hábhair a phléifear, beidh beathú, neadú agus cleitiú. Iarrtar ar gach dalta buidéal folamh plaisteach dhá lítear ar a bhfuil claibín a thabhairt leo chuig an gceardlann. ***NÓ***

   **Ceardlanna ar Chrainn Dhúchasacha: Rang 4- 6**
   Glacaimid cuimiltí ó chrainn i rith na ceardlainne, agus muid ag tomhas airde crainn agus cuirimid tóraíocht taisce ar siúl chun béim mhór a leagan ar bhithéagsúlacht agus ar a riachtanaí is atá crainn do bheatha gach uile dhuine againn. ***NÓ***

2. **Beacha agus Bithéagsúlacht: Rang 1- 4**
   Foghlaimíonn na daltaí faoin gcaoi a mbraitheann daoine ar bheacha chun bia a fháil. Pléimid an chaoi a dtarlaíonn pailniú, an chaoi a mbíonn plandaí agus feithidí ag brath ar a chéile agus an chaoi a mbíonn cráinbheach na mbumbóg ag déanamh codladh geimhridh. Tógfaimid foscadh do bhumbóga i rith na ceardlainne.

| Dáta | Am | Áit |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | Ócáid Lá 1 – 3 ceardlann in aghaidh an lae | Scoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | Ócáid Lá 1 – 3 ceardlann in aghaidh an lae | Scoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | Ócáid Lá 1 – 3 ceardlann in aghaidh an lae | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | Ócáid Lá 1 – 3 ceardlann in aghaidh an lae | Scoil |



## Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann – Fócas ar ár dTimpeallacht – Bunscoileanna

Is ceardlann é Fócas ar ár dTimpeallacht inar féidir le scoileanna an téama timpeallachta is oiriúnaí do riachtanais na scoile a roghnú do na daltaí. Is féidir leis an scoil roghnú ó réimse téamaí amhail bithéagsúlacht, uisce, fuinneamh, íoslaghdú dramhaíola (muirniú), taisteal agus an timpeallacht nó saoránacht dhomhanda agus bia. D'fhéadfadh na ceardlanna a bheith gearr agus ar siúl i rith an lae scoile chun rannpháirtíocht na ndaltaí a uasmhéadú, nó níos faide nuair nach mbuailfidh an t-éascaitheoir ach le líon beag grúpaí sa scoil.

| Dáta | Am | Áit |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |

## Saotharlann Faoi Chumhacht Troitheán Le Paul Finch – Rang 3 go Rang 6

Agus é ag úsáid meaisíní atá déanta de dhramhmhiotal athchúrsáilte, léireoidh Paul cumhacht fhéinspreagtha le giuirléidí a sheinneann ceol, a ghineann gaoth, a chruthaíonn leictreachas, a chaidéalaíonn uisce, a dhéanann caoineoga agus a d'fhéadfadh eitilt fiú. Tá gá le Halla Scoile lena haghaidh seo.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | An lá ar fad | Leabharlann Thamhlachta |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |



## Cur i Láthair ag Kando arts – Bunscoileanna

Is seó idirghníomhach mearluais é seo a mhairfidh 45 nóiméad agus atá ceaptha don lucht bunscoile a bhainfidh siamsa as an draíocht agus na puipéid atá ann agus a fhoghlaimeoidh ag an am céanna faoin athchúrsáil, faoi fheachtais fhrithbhruscair agus faoin gcaomhnú fuinnimh. Féachann an seó leis an athchúrsáil, agus caomhnú an chomhshaoil leis, a chur chun cinn mar ghnáthnós maireachtála. Cuirfear an Seó i láthair sa halla scoile agus déantar freastal ar 100/150 dalta ag gach seó.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 3 Seó - 9.30rn, 11.00rn and 1.30in | Scoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | 2 Seó - 9.30rn & 11.00rn | Scoil |






## Cleachtas Cruthaitheach Inmharthana – le Elizabeth Murphy – Bunscoileanna

Cuir tú féin ar an eolas trí obair phraiticiúil a dhéanamh le hábhar inmharthana, ag obair le saineolaithe a n-oibríonn leis an dúlra ar bhonn laethúil.  Spreagfar daltaí agus múinteoirí, trínár seó sleamhnáin, a bheith ag obair leis an timpeallacht agus le húsáid a bhaint as ábhair nádúrtha agus tuiscint níos fearr a bheith acu ar a mbithéagsúlacht.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Máirt 24 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |




## Dúlra an Iar-Thuaiscirt – Rang 5 & 6

Obair le bunscoileanna agus grúpaí pobail atá ag scrúdú gnáthóga áitiúla agus na bplandaí agus ainmhithe atá iontu. Cur i láthair a dtorthaí i bhformáid aerléarscáile dá bpobal áitiúil.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Céadaoin 25 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil nó Club Óige |
| **Aoine 27 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil nó Club Óige |



## Amawele – Tionscadal Timpeallachta Scoileanna idir áitiúil agus dhomhanda – Fóirsteanach do Gach Aois

Cruthaíonn Amawele ceangal idir scoileanna BÁCT agus scoileanna tuaithe na hAfraice Theas - agus iad ag cur oideachais ar dhaltaí sa dá thír ar shlándáil bia, forbairt inbhuanaithe agus feasacht ar an timpeallacht. Tá sé mar fhís againn comhpháirtíochtaí bríocha a fhorbairt idir pobail scoile san Afraic Theas agus Éire, agus muid ag cumasú fhoghlaim, roinnt agus eispéireas ar eolas agus ceisteanna áitiúla. Cuirfidh sé seo malartuithe foghlama domhanda agus áitiúla chun cinn agus feabhsóidh sé ár dtuiscint ar shaol a chéile.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 1/2 lá RN | Scoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | 1/2 lá RN | Scoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 1/2 lá RN | Scoil |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 1/2 lá RN | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | 1/2 lá RN | Scoil |

## Cur i Láthair Ceardlanna Oideachas Timpeallachta do scoileanna ag an Ionad Athfhionnta – Aoiseanna 7 – 16

Cuimsíonn na ceardlanna spreagúla idirghníomhacha seo ábhair amhail dramhaíl, uisce, fuinneamh, bithéagsúlacht, iompar agus forbairt inbhuanaithe. Tá gach ceardlann nasctha leis an gcuraclam bunscoile trí ábhair amhail Eolaíocht, Matamaitic, OSPS agus Tíreolaíocht. Cuimsíonn an cheardlann cur i láthair, plé agus gné idirghníomhach amhail déanamh páipéir sa cheardlann dramhaíola nó tástáil bolgáin solais agus aláram inár gceardlann fuinnimh. Uasmhéid de 30 dalta in aghaidh na ceardlainne.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | An lá ar fad (Dhá Cheardlann in aghaidh an lae) | Scoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | An lá ar fad (Dhá Cheardlann in aghaidh an lae) | Scoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 10rn – 11.30rn & 11.45rn - 1.30in | Leabharlann Leamhcáin |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | An lá ar fad (Dhá Cheardlann in aghaidh an lae) | Scoil |

## Scileanna Oideachas Timpeallachta á Chur i Láthair ag an bPlean Gníomhaíochta Domhanda - Bunscoileanna

Rogha de 4 téama le haghaidh na gceardlann – is féidir le scoileanna/ grúpaí óige rogha a dhéanamh idir Uisce, Athrú Aeráide, Saoránacht Domhanda nó Bithéagsúlacht. Beidh 3 ceardlann ar siúl in aghaidh an lae agus is é an sprioc atá leo ná eolas a chur ar agus feasacht a ardú ar an téama roghnaithe.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 3 X Ceardlann 1.5 Uair an Chloig | Scoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | 3 X Ceardlann 1.5 Uair an Chloig | Scoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 3 X Ceardlann 1.5 Uair an Chloig | Scoil |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 3 X Ceardlann 1.5 Uair an Chloig | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | 3 X Ceardlann 1.5 Uair an Chloig | Scoil |

## Tionscadal ‘Naturally Wild Pollinator’– Bunscoileanna

BITHÉAGSÚLACHT, Is mór an focal é huth! Cad is brí leis? Freagra – gach ní, planda, ainmhí beo agus níos mó, casta nach ea!!! Déanaimid simplí é, 5 F’anna atá le haimsiú i do ghairdín cúil féin nó i ngairdín do scoile FEITHÍDÍ, FEILEACÁIN, FROGRANNA, FÁINLEOGA agus FUINSEOGA! Is leor sin don lá inniu? B’fhéidir nach leor, déanaimid stuif ar GHRÁINNEOGA freisin. I ndiaidh dó beagnach deich mbliain a chaitheamh agus é le feiceáil ar RTÉ Den agus RTÉ JR, tugann Dale Treadwell na 5 F’anna go Átha Cliath Theas le haghaidh ÉICEASHEACHTAIN. Beidh sé spraíúil, craiceáilte agus oideachasúil. Féach ar www.naturallywild.ie le haghaidh tuilleadh eolais. Is féidir líon ceardlann a eagrú i rith an lae cionn is go maireann siad 45bom, agus 30 daltaí i gceist in aghaidh na ceardlainne.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 9.45rn, 10.45rn & 11.45rn | Leabharlann Thamlachta |
| **Aoine 27 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |



## Ceardlanna Amhránaíocht na Timpeallachta le hEnda Reilly – Rang 3 ar aghaidh

Tá trí théama ceardlainne le cur ar fáil do scoileanna

1. Amhráin an Athrú Aeráide
2. Amhráin an Fhuinnimh Ghlais
3. Amhráin na Farraige

Cuirfidh amhráin Enda eolas ar dhaltaí maidir leis na téamaí timpeallachta éagsúla. Ceardlanna 1 uair an chloig – Uasmhéid de 60 in aghaidh na ceardlainne.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 10.00rn agus 11.30rn | Leabharlann Bhaile Uí Ruáin |
| **Máirt 24 Aibreán** | 10.00rn agus 11.30rn | Leabharlann Thamlachta |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 10.00rn agus 11.30rn | Scoil |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 10.00rn agus 11.30rn | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | 10.00rn agus 11.30rn | Leabharlann Leamhcáin |



## Ceardlann ar Fhuinneamh Glas Leis an Ollamh Craiceáilte – Niall O'Dwyer – Rang 1 - Rang 6

Cuimsíonn na ceardlanna oideachais seo do scoileanna ábhair amhail cosc dramhaíola agus fuinneamh. Cuireann an tOllamh Craiceáilte eolaíocht i láthair agus chun cinn ar bhealach spraíúil. Tugann an cheardlann eolas do pháistí ar fhoinsí agus prionsabail fuinnimh éagsúla trí nithe éagsúla a bhaineann leis an saol laethúil a úsáid. Maireann gach ceardlann ar feadh thart ar 60 nóiméad ar fad agus bíonn deis ag na páistí a fháil amach cén chaoi a n-oibríonn fuinneamh agus leictreachas. Bíonn deis ag daltaí leictreachas a sheoladh trína gcorp féin (gan iarmhairtí marthanacha) agus ciorcad daonna a dhéanamh chomh maith. Ceardlanna ar feadh uaire – Uasmhéid de 30 dalta in aghaidh na ceardlainne.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 3 ceardlann in aghaidh an lae | Scoil |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 3 ceardlann in aghaidh an lae | Scoil |

## Tionscadal Crea8 le Emily Robyn Archer – Rang 1 – Rang 3

Tá na ceardlanna cruthaitheacha seo ar fáil do na scoileanna go léir, agus iad ag cuimsiú gach téama timpeallachta faoin mBratach Glas. Cuimseoidh na ceardlanna tionscadal ealaíne ar an téama brataí glaise ar leith atá acu. Ceardlann ar feadh 1.5 uair – Rang amháin in aghaidh na ceardlainne.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 10.00rn & 11.15rn | Leabharlann Chluain Dolcáin |
| **Máirt 24 Aibreán** | 2 x ceardlann uair an chloig | Scoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 10.00rn & 11.15rn | Leabharlann Bhaile Phámar |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 10.00rn & 11.15rn | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | 10.00rn & 11.15rn | Leabharlann Leamhcáin |



## Éicea-abhcóideacht – Speiceas Ionrach Átha Cliath Theas – Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna

Ceardlanna a bhfuil sé mar sprioc acu eolas a chur ar dhaoine óga agus ar dhaoine fásta faoi dhúshláin na speiceas plandúla agus ainmhithe.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Máirt 24 Aibreán** | Le cinntiú | Páirc Thigh Motháin |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |
| **Aoine 27 Aibreán** | An lá ar fad | Scoil |



## Ná Fag Rian Ar Bith – Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna

Ceardlanna scoile a chlúdaíonn téamaí na scoileanna glasa. Tá gach plean ceachta ceangailte leis an gcuraclam bunscoile i bPoblacht na hÉireann chomh maith leis na sé bratacha scoile Glasa de chuid clár An Taisce agus cuireann siad bunmhúnlaí nua agus éifeachtacha ar fáil chun go mbaintear spriocanna foghlama amach. Ceardlanna 3 uair an chloig a bhíonn ar siúl sa seomra ranga agus ansin isteach sa scoil lasmuigh/fearann páirce áitiúil.


| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 2 x ceardlann 3 uair an chloig | Bunscoil |
| **Máirt 24 Aibreán** | 2 x ceardlann 3 uair an chloig | Bunscoil |




## Siamsóirí Cóisire – Seó Draíochta na 3R'anna – Bunscoileanna

Dearadh seó draíochta na 3R'anna chun go gcuirfear páistí ar an eolas faoin ngá le laghdú, athúsáid agus athchúrsáil i seó spraoi 1 uair an chloig ina bhfuil draíocht agus greann.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Máirt 24 Aibreán** | 2 seó i halla na scoile | Bunscoil |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 1 Seó | Leabharlann Bhaile Ruáin |





## Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann – An Clár, Fiáin don Dúlra – Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna

Beidh Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann ag eagrú sraith cainteanna leabharlainne agus siúlóidí fearann páirce i gContae Áth Cliath Theas chun an dúlra thart timpeall orainn a fhiosrú le haghaidh Éiceasheachtain 2018. Tacaíonn páirceanna, gairdíní, uiscebhealaí agus ceantar sléibhe Chontae Áth Cliath Theas leis an dúrud fiadhúlra. Bí leis an IFE chun foghlaim faoi thábhacht na bithéagsúlachta sin inár saol agus an dóigh gur féidir linn í a chosaint. Uasmhéid de 30 do gach imeacht.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Máirt 24 Aibreán** | 10rn | Leabharlann Chluain Dolcáin |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 10rn | Scoil |

# Imeachtaí Pobail

**NÍ MÓR ÁIT A CHUR IN ÁIRITHE**
Féach ar leathanach 1 chun an t-eolas áirithinte go léir a fháil



## Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann – An Clár, Fiáin don Dúlra: Siúlóid Dhúlra Cois Abhann

For Eco Week 2018 the Irish Wildlife Trust will be running a series of library talks and parkland walks in South County Dublin to explore the wildlife around us. South County Dublin's parks, gardens, waterways and uplands support a wealth of wildlife. Join the IWT to learn about the importance this biodiversity in our lives and how we can help protect it.

Max of 30 people for each event.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | 10rn | Páirc an Ghrífín, Leamhcán |
| **Aoine 27 Aibreán** | 10rn | Páirc Thigh Motháin, Tamhlacht |

## Seirbhís Bailithe Saor in Aisce Do Threalamh Leictreach a Athchúrsáil Thar Seachtaine Luan 23ú Aibreán – Aoine 27ú Aibreán 2018

Tá cuireadh á thabhairt do mhuintir Átha Cliath Theas seantrealamh leictreonach agus leictreach ar bith atá acu agus atá seanchaite a athchúrsáil, amhail teilifíseáin, trealamh ríomhaire, steireónna, fearais teaghlaigh idir bheag agus mhór, agus rud ar bith a bhfuil plocóid air nó cadhnra ann. Tuigeann foireann Recycle IT go mbíonn deacrachtaí ag daoine uaireanta am a chur ar leataobh chun trealamh leictreach a athchúrsáil, mar sin tugann an tseirbhís bailithe saor in aisce seo deis thar seachtaine do chónaitheoirí, grúpaí pobail agus gnóthaí áitiúla seantrealamh leictreach nó trealamh leictreach nach bhfuil in úsáid atá ag líonadh spás luachmhair a ghlanadh amach agus é a fhágáil isteach.

Tá áis athchúrsála Recycle IT suite in **Aonad 14/2 Ardán na Creige, Eastát Tionsclaíoch Chluain Dolcáin, Cluain Dolcáin, BÁC22**. Tá sé oscailte go laethúil ó 8.30rn agus nuair a shroicheann tú an áis athchúrsála i gCluain Dolcáin, beidh an fhoireann ar fáil le glacadh le d'fhearas d'fhonn é a athchúrsáil. Má tá ceisteanna agat, nó dá mba mhaith leat bailiú pearsanta a shocrú ó d'áit chónaithe nó do ghnó, cuir glao ar 01 4578321, le do thoil, nó seol ríomhphost chuig: info@recycleit.ie. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar www.recycleit.ie chomh maith.

## Seachtain Bailithe DTLL Beag in Ionaid Oibre

Beidh Recycle IT agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag cur Seachtain Bailithe DTLL in Ionaid Oibre ar siúl le haghaidh dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL). Tá cuireadh á thabhairt do dhaoine atá ag obair in eagraíochtaí agus gnóthaí áitiúla páirt a ghlacadh trína sean-nithe leictreacha a thabhairt leo chuig a n-ionaid oibre. Glacfaidh an fhoireann le rud ar bith a bhfuil plocóid air nó cadhnra ann. Baileofar cadhnraí ar an lá chomh maith, ní gá duit ach iad a chur i mála nó i mbosca agus iad a thabhairt leat. Beidh pointí beaga bailithe socraithe i bhforhalla oifigí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i dTamhlacht nó más mian leat bailiúchán DTLL Saor In Aisce san Áit Oibre a eagrú ó d'oifig nó do ghnó féin, beidh áthas ar Recycle It tacaíocht a thabhairt. Má tá ceisteanna agat, nó dá mba mhaith leat bailiú pearsanta DTLL in Ionad Oibre a shocrú ó d'oifig nó do ghnó, cuir glao ar John 01 4578321, le do thoil, nó seol ríomhphost chuig: info@recycleit.ie. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin ag www.recycleit.ie le foghlaim níos mó faoi athchúrsáil leictreach. Bíodh sí seo ina seachtain DTLL ar fiú cuimhneamh air! Tá an ócáid seo á cur i láthair i gcomhar le DTLL Éireann.





## Taispeántas Seanfhearas

Beidh Recycle IT ag taispeáint réimse seanfhearas leictreach neamhchoitianta a bailíodh le blianta fada anuas chomh maith. Is cinnte go spreagfaidh na nithe seo cuimhne nó dhó, mar sin nach mbeadh sé chomh maith agat bualadh isteach i gComhairle Contae Átha Cliath Theas chun an taispeántas a fheiceáil. Beidh an taispeántas seo ar siúl ar feadh na seachtaine.



## Ceardlann ar Ghrianghrafadóireacht Tírdhreacha agus dúlra le Tommy Keogh

Glac grianghraif de ghnéithe suimiúla agus éagsúla Pháirc Chorcaí i gcomhluadar an ghrianghrafadóra áitiúil Tommy Keogh. Tá an fearann páirce seo, a bhí ina eastát tráth agus a bhfuil tírdhreacha droimneacha, loch iascaireachta agus fiadhúlra ann, ar cheann de na seoda ceilte is áille atá againn i gContae Átha Cliath Theas. Tá an cheardlann ghrianghrafadóireachta seo dírithe ar dhaoine ar gach leibhéal cumais. Tabhair do cheamara leat agus bain taitneamh aisti! Déan teagmháil le Tommy chun áit a chur in áirithe ag tommykeogh@gmail.com

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Céadaoin 25ú Aibreán** | 11.00rn | Páirc Chorcaí |



## Gairdín Pobail do Dhaoine Dífhostaithe, Páirc Sheáin Bhreathnaigh, Tamhlacht

Is clár gairneoireachta é seo do dhaoine atá dífhostaithe. Is é an phríomhghníomhaíocht a bhíonn ar siúl ag an ngrúpa ná glasraí, torthaí, agus plandaí a fhás, chomh maith leis an ngairdín a chothabháil. Is gairdín iontach é ina bhfuil pobal beag garraíodóirí áitiúla. Tá fáilte roimh bhaill nua. Tagann an grúpa le chéile ar an gCéadaoin ag 11.00rn i bPáirc Sheáin Bhreatnaigh, Tamhlacht.

**Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil leis an duine seo thíos, le do thoil:** Maria Finn, Oifigeach um Chuimsiú Sóisialta, An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, Rannóg Seirbhísí Pobail Teil: 086 380 3060 nó 01 414 9270

## Bileoga Eolais Faoin Éiceasheachtain

Beidh réimse bileog ar fáil saor in aisce i rith na hÉiceasheachtaine a thabharfaidh noda duit ar an gcaoi leis an timpeallacht a chosaint agus airgead a choigilt chomh maith. Beidh eolas ar fáil ar Chaomhnú Fuinnimh agus Caomhnú Uisce agus cuid mhaith rudaí eile.

| Dáta | Am | Suíomh |
|---|---|---|
| **Luan 23 Aibreán** | An lá ar fad | Halla an Chontae, Tamlacht and Oifig an Bhaile, Cluain Dolcáin |
| **Máirt 24 Aibreán** | An lá ar fad | Halla an Chontae, Tamlacht and Oifig an Bhaile, Cluain Dolcáin |
| **Céadaoin 25 Aibreán** | An lá ar fad | Halla an Chontae, Tamlacht and Oifig an Bhaile, Cluain Dolcáin |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | An lá ar fad | Halla an Chontae, Tamlacht and Oifig an Bhaile, Cluain Dolcáin |
| **Aoine 27 Aibreán** | An lá ar fad | Halla an Chontae, Tamlacht and Oifig an Bhaile, Cluain Dolcáin |



THE SQUARE
TOWNCENTRE TALLAGHT

## Seastáin Eolais - Ionad Siopadóireachta na Cearnóige, Tamhlacht

Beidh réimse ócáidí eolais ar siúl in Ionad Siopadóireachta na Cearnóige an tseachtain seo.

| Dáta | Am | Ócáid |
|---|---|---|
| **Céadaoin 25 Aibreán** | 12in – 2in | Beidh Foireann Feasachta Comhshaoil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ag cur a n-ócáid eolais i láthair |
| **Déardaoin 26 Aibreán** | 12in – 2in | Plean Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre |

# Liosta Úsáideacha Suíomhanna Gréasáin agus Teagmhálaithe

- **www.sdcc.ie** - South Dublin County Council's website, Phone 01 4149000
- **Ballymount Civic Amenity**, 01 4621251, Open 7 days a week
- **www.stopfoodwaste.ie**
- **www.greenhome.ie**
- **www.greenbusiness.ie**
- **www.greenschoolsireland.org**
- **www.sdchamber.ie**
- **www.askaboutireland.ie**
- **www.recycleit.ie**
- **www.nationalspringclean.ie**
- **www.tidytowns.ie**

Keep it Clean
Avoid a fine
South Dublin, a Litter Free County